Dáta	Rang	Ábhar
	Rang a Cúig agus Rang a Sé	Tíreolaíocht

Snáithe	Snáithaonad
Feasacht agus Cúram Imshaoil	Feasacht imshaoil, Ag tabhairt aire don imshaol

Teideal

Explorers: Cúram dár nAigéan – Clár Gnímh

Spriocanna

Is é sprioc an cheachta tuiscint níos doimhne a thabhairt do pháistí ar an tionchar a bhíonn ag an aigéan orthu agus ar a dtionchar féin ar an aigéan. Tá sé d'aidhm ag an gceacht treoir a thabhairt do pháistí trí straitéis a leagan amach le cuidiú leis an duine aonair agus le pobail ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda aire a thabhairt don timpeallacht mhuirí.

Scileanna Riachtanacha

Beidh ar na páistí a bheith in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh ina measc féin ar mhaithe lena gcuid tuairimí a roinnt. Beifear ag súil le comhoibriú i measc na bpáistí agus go léireoidh siad meas ar smaointe agus ar thuairimí a chéile.

Spriocanna Foghlama:

Seans go mbeidh gá leis an bplean ceachta seo a chur i bhfeidhm i gcaitheamh cúpla rang mar thionscadal.

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an pháiste:

1. Gnéithe de ghníomhaíochtaí daonna a aithint a bhféadfadh tionchar dearfach nó diúltach a bheith acu ar an aigéan.
2. Scrúdú a dhéanamh ar an idirghaol idir daoine agus an t-aigéan.
3. Réitigh ar na fadhbanna áitiúla, náisiúnta agus domhanda timpeallachta a mbíonn tionchar acu ar an aigéan a aithint agus a phlé.
4. Meas a bheith aige ar fhreagracht an duine aonair, an phobail agus an náisiúin maidir le haire a thabhairt don aigéan.

   Féach thíos le haghaidh íomhánna den chaoi le clár gnímh a úsáid mar chuid de ghníomhaíochtaí ranga.

Gníomhaíochtaí Foghlama

Comhrá agus Plé

Spreagfaidh an múinteoirí na páistí le cúiseanna a thabhairt maidir leis an bhfáth a bhfuil an t-aigéan chomh tábhachtach sin do dhaoine (e.g. tagann níos mó ná an leathchuid den ocsaigin a bhíonn hanálú againn uaidh, bíonn tionchar aige ar an aeráid, bainimid úsáid as le hearraí a iompar ar fud an domhain – trádáil, faighimid bia, fuinneamh agus poist uaidh, úsáidimid é mar áis áineasa mar shampla ag dul go dtí an trá, snámh agus spóirt uisce).

Ansin déanfaidh na páistí mbeirteanna machnamh ar "cén tionchar a bhíonn ag an aigéan ormsa agus cén tionchar a bhíonn agamsa ar an aigéan". Iarrfaidh an múinteoir ar na beirteanna a gcuid smaointe a roinnt.

Cuirfidh an múinteoir tús le seisiún plé leis na páistí bunaithe ar na topaicí a luaitear thíos. D'fhéadfaí deis a thabhairt do na páistí

	i mbeirteanna machnamh a dhéanamh ar na topaicí seo a leanas agus a gcuid smaointe a roinnt lena chéile: • An bhfuil aon fhíricí iontacha ar eolas agam faoin aigéan? • Cén tionchar a bhíonn ag plaisteach ar an aigéan agus ar na hainmhithe a bhfuil cónaí orthu ann? • An féidir liom stop a chur le plaisteach ag dul isteach san aigéan? • Cén tionchar a imrítear ar an aigéan nuair a dhóitear breosla le fuinneamh a ghineadh? • An féidir liom an t-aigéan a chosaint trí mo lorg carbóin a laghdú? • Cé a thugann aire dár dtrá áitiúil? • Cén chaoi ar féidir liom stop a chur le bruscar ag dul isteach san aigéan agus mo thrá áitiúil a choinneáil glan? • Céard is iascaireacht inbhuanaithe ann? • Cén chaoi ar féidir liom tacú le tionscail iascaireachta agus mhuirí inbhuanaithe? **Meitheal machnaimh** Scríobhfaidh an múinteoirí 'cén chaoi ar féidir linn aire a thabhairt don aigéan'? ar an gclár. Déanfaidh na páistí machnamh i mbeirteanna agus roinnfidh siad a gcuid smaointe lena chéile. Iarrfaidh an múinteoir ar na beirteanna a gcuid smaointe a roinnt. Scríobhfaidh an múinteoir a gcuid smaointe ar an gclár. Nuair is léir don mhúinteoir go dtuigeann na páistí an chaoi a n-imríonn a gcuid gníomhaíochtaí tionchar ar thimpeallacht an aigéin, pléifidh an múinteoir leis na daltaí cé

	na gníomhaíochtaí ar féidir tabhairt fúthu le cúrsaí a athrú, ar nós aire a thabhairt don aigéan. Déanfaidh na páistí moltaí agus scríobhfaidh an múinteoir ar an gclár iad. Ba chóir go bpléifeadh an múinteoir agus na daltaí an méid is féidir a dhéanamh láithreach: • Cad a dhéanfaidh mé inniu? • Cad is féidir a dhéanamh as go ceann seachtaine? • Cad a dhéanfaidh mé an tseachtain seo chugainn? • Cad is féidir a dhéanamh as seo go ceann míosa? Scríobhfar na moltaí ar an gclár. Glacfaidh na páistí páirt i bplé ranga maidir leis an gcaoi a gcuideoidh na smaointe a moladh le cúrsaí san aigéan. Ba chóir go gcaithfeadh an rang vóta ar na gníomhaíochtaí a chuirfidh an rang i gcrích le chéile chun cúrsaí a athrú agus chun eitic chúraim a chruthú don aigéan. Spreag na daltaí le teacht ar a gcuid smaointe féin chun an teachtaireacht ar a thábhachtach is atá sé aire a thabhairt don timpeallacht a roinnt. D'fhéadfaí a áireamh ar ghníomhaíochtaí breise don rang: • an cur chuige 'laghdaigh, athúsáid, athchúrsáil' a chur i bhfeidhm sa seomra ranga; • tús a chur le feachtas cártaí poist ag iarraidh ar thionscail agus ar chomhlachtaí an úsáid a bhaineann

	siad as plaisteach a laghdú • tacaíocht a thabhairt do thionscail iascaireachta agus mhuirí inbhuanaithe; • cúram a dhéanamh de thrá faoi leith agus an trá sin a ghlanadh. **I mBun Cúraim dár dTimpeallacht Mhuirí – Clár Gnímh** Is féidir an "EXPLORERS CÚRAIM DÁR nAIGÉAN – Clár Gnímh" a thaispeáint don rang. Ba chóir go ndéanfadh na daltaí scrúdú ar an gclár le feiceáil an bhfuil aon rud eile a d'fhéadfaidís a dhéanamh le haire a thabhairt don aigéan nár rith leo. Is féidir an póstaer a íoslódáil ó www.explorers.ie. Mar mhalairt air sin, iarr ar na daltaí a gclár gníomhaíochtaí féin a dhearadh don timpeallacht mhuirí. Tabharfar greamáin do na daltaí ansin nó is féidir leo tic a chur leis na réimsí gníomhaíochtaí ar an gclár a nglacfaidh siad páirt iontu. **Comhrá agus Plé** Nuair a bheidh gach páiste tar éis greamán nó marc a chur in aice na ngníomhaíochtaí a mbeidh siad páirteach iontu, spreagfaidh an múinteoir iad le míniú don duine in aice leo cén chaoi a mbainfidh siad an ghníomhaíocht sin amach. Is féidir leis na beirteanna an méid a bhí á phlé acu a roinnt ansin. Ansin is féidir leis páistí an bosca a chuirtear ar fáil ar an bpóstaer gníomhaíochtaí a líonadh le gníomhaíochtaí breise is féidir leo a dhéanamh le haire a thabhairt don aigéan.

	Acmhainní • "EXPLORERS: CÚRAM DÁR N-AIGÉAN – CLÁR GNÍMH" (PDF ar fáil ar www.explorers.ie) • Greamáin • Páipéar agus marcóirí • Chomh maith leis sin, déan cuardach gréasáin ar thaoide phlaisteach, ar mhicreaphlaistigh agus ar tharrtháil an aigéin le tuilleadh eolais a fháil ar fheachtais chun an timpeallacht mhuirí a chosaint.

Idirdhealú

Ceisteanna an Mhúinteora - Cuirfidh an ceisteanna d'ord níos airde nó d'ord níos ísle ar na páistí ag brath ar a gcumas.

Obair ghrúpa - Déanfaidh an múinteoir na páistí a chur i ngrúpaí de réir a gcumais.

Measúnú

Breathnóireacht an mhúinteora - Breathnóidh an múinteoir ar na paistí agus éistfidh sé leo agus iad i mbun plé i mbeirteanna le feiceáil an dtuigeann siad an tionchar a bhíonn ag an aigéan orthu agus a dtionchar siúd ar an aigéan.

Ceisteanna an mhúinteora - Cuirfidh an múinteoir ceisteanna ar na páistí le linn an cheachta lena dtuiscint ar an topaic a mheas.

Nascáil agus Comhtháthú

Eolaíocht – Feasacht agus cúram imshaoil; Cúram imshaoil

Gaeilge Labhartha – Beidh na páistí ag míniú don rang agus dá bpáirtithe cén chaoi a mbeidh siadsan in ann aire a thabhairt don aigéan.

Ealaín – Is féidir leis na páistí cláir ghníomhaíochtaí, feachtais cártaí poist, dealbha, etc., a chruthú dóibh féin ag baint úsáide as péint agus dathanna, éadach agus snáithín, tógáil (e.g. earraí athchúrsála srl)

Béarla – Is féidir leis na páistí an clár gníomhaíochtaí Béarla a úsáid chun an plean ceachta seo a chur i gcrích.

OSPS – Is féidir leis na páistí a bheith ag foghlaim fúthu féin, faoi dhaoine eile agus faoin domhan mór agus iad ag breathnú ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le pobal a scoile, le cúram imshaoil agus le ceisteanna domhanda.

Sampla den chlár gníomhaíochtaí Béarla “Explorers Caring for Our Ocean Action Board” ar fáil le híoslódáil ó acmhainní do mhúinteoirí: www.explorers.ie.

EXPLORERS CARING FOR OUR OCEAN ACTION BOARD

EXPLORERS Education Programme

Tick the boxes to show what you and your class will do for the ocean.

WHAT MY CLASS WILL DO TODAY

I WILL LET MY FRIENDS AND FAMILY KNOW SOME AWESOME FACTS ABOUT THE OCEAN

• The ocean covers 70% of the planet • There is more volcanic activity under the ocean than on land • The biggest animal on Earth is called the blue whale and measures up to 30 metres long • Only 5% of the ocean has been explored • Over one thousand marine species are being discovered by marine scientists each year

I AM GOING TO LEARN HOW THE OCEAN AFFECTS ME AND HOW I AFFECT THE OCEAN

• Over half the oxygen we breath comes from a microscopic plant called phytoplankton that lives in the ocean • The ocean affects our climate and rainfall which influences our weather • The ocean provides us with fresh water through the water cycle • Sadly, over 8 billion tons of plastic is dumped in the ocean around the world every year which affects the marine habitats and animals • The ocean absorbs carbon from the atmosphere causing climate change and ocean acidification

I WILL PREVENT PLASTIC FROM ENTERING THE OCEAN BY REDUCING, REUSING AND RECYCLING PLASTIC

• Use a reusable water bottle and lunch container • Use reusable shopping bags • Reduce buying products that use plastic packaging • Check the labels and avoid using products that use micro-plastics (beads) in them, such as some soaps, shampoos and toothpaste • Place plastic litter in a recycling bin

WHAT MY CLASS WILL DO IN THE NEXT WEEK

I WILL HELP TO PROTECT THE OCEAN BY REDUCING MY CARBON FOOTPRINT

• Use less electricity, such as turning off lights, plugging out the phone charger, TV and the computer when not in use • Use less carbon fuels for heating and put on a jumper and socks when it gets cold • Use less carbon fuels for transport by walking, cycling, carpooling or use public transport

I WILL HELP PREVENT LITTER FROM ENTERING THE OCEAN AND KEEP MY LOCAL BEACH CLEAN

• Take all of my belongings and rubbish with me after visiting the seashore • Volunteer to take part in a local beach clean • Organise a poster campaign to prevent littering • Encourage my school to ‘adopt’ a beach to help care for our local environment

WHAT MY CLASS WILL DO IN THE NEXT MONTH

I WILL SUPPORT THE SUSTAINABLE FISHING AND MARINE INDUSTRIES

• Eat fish and buy marine products from sustainable fisheries • Buy marine souvenirs that don’t exploit endangered species, such as corals and some shells

What else can my class do to care for the ocean?

Poster by Cashla Dromgool-Regan & Roisin Dobey. Images by John Joyce.

www.explorers.ie ExplorersMarineEducation

Sampla den chlár gníomhaíochtaí Gaeilge “Explorers: Cúram dár nAigéan – Clár Gnímh” ar fáil le híoslódáil ó acmhainní do mhúinteoirí: www.explorers.ie.